C/2025/4351

1.8.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4351)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Fronton'

PDO-FR-A0595-AM01 — 8.5.2025

1. **Ainm an táirge**

'Fronton'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ministère de l'Agriculture, de l'Alimentation, de la Pêche, de la Ruralité et de l'Aménagement du Territoire [An Aireacht Talmhaíochta, Bhia, Iascaigh, Ghnóthaí Tuaithe agus Pleanáil um Úsáid Talún]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Measann údaráis na Fraince go gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) 2024/1143.

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní bhaineann an t-iarratas ar leasú ar an ATFC 'Fronton' le haon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad, go sonrach:

(a) níl athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach i gceist leis;

(b) níl an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

Dá bhrí sin, measann údaráis na Fraince gur iarratas ar leasú caighdeánach é.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Forálacha caighdeánacha agra-chomhshaoil a chur isteach*

Cuireadh forálacha agra-chomhshaoil leis an bpointe ‘Cleachtais saothraithe eile’ i gCaibidil IV [*sic*] ‘Bainistíocht fíonghort’ den tsonraíocht táirge.

Tá na leasuithe sin arna ceaptha chun aird níos fearr a thabhairt ar an gcomhshaol agus ar éilimh shochaíocha ar níos lú úsáide a bhaint as táirgí cosanta plandaí.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

2. Táirgeacht leasaithe le haghaidh fíonta *rosé*

Méadaíodh an táirgeacht a leagtar síos sa tsonraíocht le haghaidh fíonta *rosé*. Tugadh an meánualach uasta barr in aghaidh na dáileachta talún agus an meánualach uasta barr in aghaidh na dáileachta talún uiscithe i gcomhréir freisin leis an athrú ar tháirgeachtaí le haghaidh fíonta *rosé*.

Tá an táirgeacht atá beartaithe comhsheasmhach leis an táirgeacht le haghaidh ainmniúcháin eile san iardheisceart. Idir 2015 agus 2020 (rinne guaiseacha aeráide difear don bhuaint idir 2021 agus 2023), ba é 53,17 hl/ha an mheántáirgeacht le haghaidh fíonta *rosé* den ainmniúchán, agus ar an meán sháraigh 44 % de dhéantóirí fíona an táirgeacht bhunúsach a leagtar amach sa tsonraíocht.

Leasaíodh an pointe ‘Uastáirgeacht’ den doiciméad aonair.

3. *Scriosadh na táirgeachta lena mbaineann ‘Caillteanas incháilitheachta le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint’*

I gcomhréir leis an leasú roimhe seo (táirgeacht leasaithe le haghaidh fíonta *rosé*), táirgeacht 70 heictilítear in aghaidh an heicteáir i bpointe ‘3. Tá caillteanas incháilitheachta le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint róghar don uasteorainn táirgeachta atá beartaithe (68 heictilítear in aghaidh an heicteáir) agus dá bhrí sin scriosadh é.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

4. Leasú ar dhath na bhfíonta *rosé*

Le 15 bliana anuas nó mar sin, tháinig athrú ar mheánphróifíl dhathmhéadrach fhíonta *rosé* an ATFC ‘Fronton’. Tá an dath fós láidir ach is léir go bhfuil sé ag dul i dtreo a bheith níos éadroime. Is chun oiriúnú do na hathruithe ar mhodhanna táirgthe fíonghort a dhéantar leasú ar an tsonraíocht táirge. Go stairiúil, rinneadh fíonta *rosé* Fronton den chuid is mó trí úsáid a bhaint as an modh *saignée*, ach sa lá atá inniu ann tá modh an bhrú dhírigh in úsáid go forleathan.

Leasaíodh an pointe ‘Nasc leis an limistéar geografach’ den doiciméad aonair.

5. Modh *saignée* a chur isteach chun fíonta *rosé* a dhéanamh

Cuireadh an modh *saignée* chun fíonta *rosé* a dhéanamh leis an gcuid ‘Nasc leis an limistéar geografach’ den tsonraíocht. Ar thaobh amháin, úsáideann déantóirí fíona an modh *saignée* chun fíonta *rosé* a tháirgeadh a bhfuil dath níos doimhne orthu mar gheall ar mhaothú níos faide idir na craicne agus an sú fíonchaor. Ar an taobh eile, i gcásanna áirithe is féidir leis an modh *saignée* easpa comhdhúile feanólacha i ndabhach fíonchaor dearg a chúiteamh. Is é is aidhm dó an modh *saignée* a chosaint chun fíonta *rosé* a tháirgeadh.

Leasaíodh an pointe ‘Nasc leis an limistéar geografach’ den doiciméad aonair.

6. *Cineálacha tánaisteacha a chur leis*

Tá dhá chineál atá eindéimeach sa limistéar le háireamh mar chineálacha tánaisteacha:

Négret Pounjut N agus Bouysselet B. Is é is cúis leis an rogha sin go bhfuil oidhreacht láidir ag na cineálacha fíniúna sin agus go gcomhlánaíonn siad cineál Négrette N. Is é is aidhm dó iad a chomhtháthú i dtáirgeadh fíonta dearga agus *rosé* araon.

Dá bhrí sin, mhol an comhlacht cosanta agus bainistíochta uaschion 10 % a chur leis a mhéid a bhaineann leis an meascán de chineálacha fíniúna agus cumaisc le haghaidh Négret Pounjut agus Bouysselet araon.

Leasaíodh pointí ‘Cineál/cineálacha fíonchaor’ agus ‘Nasc leis an limistéar geografach’ den doiciméad aonair.

7. *An cineál Marselan N a thabhairt isteach mar chineál inspéise a úsáidtear chun críoch oiriúnaithe*

Tagann an iarraidh sin tar éis roinnt torthaí a thug ar fhíonsaothraithe 'Fronton' breithniú ar chineálacha nua a thabhairt isteach ina sonraíocht táirge. Is é an t-athrú aeráide is cúis le tréimhsí níos faide triomaigh, le minicíocht mhéadaithe seaca, le soghabháltacht mhéadaithe i leith galar agus le hiompraíocht fhiseolaíoch ar cosúil go bhfuil sé ag dul in olcas.

Ar deireadh, roghnaigh an grúpa fíonsaothraithe an cineál fíniúna Marselan N amháin a roghnú, mar gheall ar a ghaire atá sé do Cabernet Sauvignon. Cé go bhfuil meath mór ag teacht ar chineálacha Cabernet, is rogha mhalartach spéisiúil i gcumaisc é Marselan. Ina theannta sin, tá sé á fhás ar fhíonghoirt le roinnt blianta (18 heicteár scaipthe thar 46 dháileacht talún agus ar fhás 19 n-oibreoir é) agus comhlánaíonn sé cineál Négrette N go deas i dtéarmaí saintréithe orgánaileipteacha.

Baineann dhá bhuntáiste le Marselan: téann sé in oiriúint níos fearr don athrú aeráide (nach bhfuil chomh híogair céanna i leith seaca) agus is lú an gá atá le cóireálacha fíteashláintíochta a dhéanamh air (mar gheall ar a shoghabháltacht íseal i leith galar). Úsáidfear Marselan N chun fíonta dearga agus *rosé* a tháirgeadh.

Leasaíodh an pointe 'Cineál/cineálacha fíonchaor' den doiciméad aonair.

8. *Leasú ar na rialacha maidir le cineálacha fíniúna*

Coinníodh cion íosta phríomhchineál Négrette N sa tsonraíocht táirge ach leasaíodh é mar a leanas: athraíodh 'níos mó ná 50 % de na fíonchaora a fhástar nó cothrom leis' go dtí 'níos mó ná 51 nó cothrom leis%'. Scriosadh cion uasta na gcineálacha tánaisteacha.

Is é is aidhm dó faireachán agus comhlíonadh na rialacha maidir le cineálacha fíniúna a shimpliú, agus a bheith comhsheasmhach leis na rialacha maidir le cumasc ag an am céanna.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

9. *Leasú ar Chaibidil IX, pointe 3 'Forálacha maidir le pacáistiú'*

Luaitear i bhfoclaíocht na sonraíochta atá ann faoi láthair, gach uair a dhéantar pacáistiú, nach mór d'oibreoirí sliocht as an gclár láimhseála agus anailís a dhéantar roimh phacáistiú a sheoladh chuig an gcomhlacht cigireachta. Measann an grúpa fíonsaothraithe le haghaidh an ainmniúcháin go bhfuil an oibleagáid sin ródhian agus molann siad an fhoclaíocht chéanna a úsáid agus atá i sonraíochtaí eile, i.e. a cheangal go gcuirfear an clár láimhseála agus anailís arna déanamh roimh an bpacáistiú nó ina dhiaidh ar fáil don chomhlacht cigireachta.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

10. *Bearta idirthréimhseacha a scriosadh*

Scriosadh na bearta idirthréimhseacha a leagtar síos i gCaibidil XI, pointe 1, 'Cineálacha fíniúna', a tháinig chun deiridh in 2011 agus 2018, ón tsonraíocht.

Ní dhéantar difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Fronton

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta socra dearga nó fíonta socra *rosé* iad na fíonta. Tá neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte ag na fíonta dearga. Tá neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte ag na fíonta *rosé*. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta a bheith níos mó ná 13 % de réir toirte. Ag céim na pacála, bíonn cion aigéid mhalaigh nach mó ná 0,4 gram in aghaidh an lítir ag gach baisc d'fhíon dearg. Ag céim na pacála: - bíonn méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta nach mó ná 3 ghram in aghaidh an lítir i gcás na bhfíonta dearga, agus nach mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir i gcás na bhfíonta *rosé*; - bíonn cion aigéid sho-ghalaithe nach mó ná 18 milleachoibhéis in aghaidh an lítir sna fíonta dearga. Is iad aigéadacht luaineach na bhfíonta *rosé* agus cion aigéadachta agus dé-ocsaíde sulfair iomlán na bhfíonta a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais. Comhlíonann na saintréithe eile, mar réamhshocrú, na saintréithe sin a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais. Féadfar na fíonta a tháirgeadh as cineál Négrette N amháin nó as meascán cineálacha inarb é Négrette N an príomhchineál. Is iondúil go mbíonn dea-bholaithe torthaí dearga agus dubha, bláthanna, spíosraí agus liocrais mar shaintréith de bhlas na bhfíonta dearga. Bíonn tainniní iontu a sholáthraíonn struchtúr agus maothlachas do na fíonta de réir mar a théann siad in aois. Bíonn siad taitneamhach le hól agus iad úr ach bíonn siad oiriúnach don aosú freisin. Saintréith de bhlas na bhfíonta *rosé* is ea dea-bholaithe torthaíocha agus aigéadacht íseal. Bíonn dath dian orthu agus baintear taitneamh astu agus iad úr.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iomlán íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. An modh saothraithe

(a) Dlús plandaithe. Is é dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha 4 000 planda in aghaidh an heicteáir. Níl an spásáil idir na sraitheanna níos mó ná 2,50 méadar. Is é 0,80 méadar ar a laghad an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna.

(b) Rialacha maidir le prúnáil. Treoraítear na fíniúnacha trí úsáid a bhaint as prúnáil ghearr agus spoir ('Gobelet', tródam aontaobhach ('Cordon de Royat') nó modh tródaim dhéthaobhaigh) nó trí úsáid a bhaint as córas Guyot aonair nó as córas Guyot dúbailte (ar a dtugtar 'tirette' go háitiúil), agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh na fíniúna. Gan beann ar an modh prúnála a úsáidtear, ó bhí an 1 Meitheamh ann ní fhéadfaidh an líon brainsí a thugann torthaí in aghaidh na fíniúna a bheith níos mó ná 10.

Is féidir uisciú a údarú.

2. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Cleachtais fhíoneolaíocha: - Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíonta dearga a shaibhriú, agus tá an ráta uasta maidir le tiúchan pháirteach socraithe ag 10 % i ndáil leis na toirteanna a úsáidtear. Ceadaítear do dhéantóirí fíona gualach fíonóireachta a úsáid chun na fíonta *rosé* a tháirgeadh, go heisiach le haghaidh úrfhíonta agus fíonta nua atá fós faoi choipeadh, i gcion nach mó ná 20 % de thoirt an fhíona *rosé* a tháirgeann an déantóir fíona lena mbaineann le haghaidh na buainte agus an datha atá i gceist.

Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta a bheith níos mó ná 13 % de réir toirte.

I dteannta na bhforálacha thuas, ní mór do na cleachtais fhíoneolaíocha a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na fíonta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí a chomhlíonadh.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíonta *rosé*

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta dearga

50 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta ar chríoch na mbardas seo a leanas: - Roinn Haute-Garonne: Bouloc, Castelnau-d'Estrétefonds, Fronton, Saint-Rustice, Vacquiers, Villaudric, Villematier, Villemur-sur-Tarn, Villeneuve-lès-Bouloc; - Roinn Tarn-et-Garonne: Bessens, Campsas, Canals, Dieupentale, Fabas, Grisolles, Labastide-Saint-Pierre, Montbartier, Nohic, Orgueil, Pompignan.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Bouysselet

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N

Gamay N

Marselan N

Mérille N

Negret Pounjut

Négrette N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

(a) *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Tá limistéar geografach an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Fronton' suite thart ar 20 ciliméadar ó thuaidh ó Toulouse, ar na léibhinn a chruthaigh sil-leagain ghláracha ársa an Tarn, a sil-leagadh ar an tsubstráit mhólasach threasach le linn oighriúcháin éagsúla an Cheathartha. Tá na dáileachtaí talún críochaithe go beacht chun fíonchaora a bhuain agus scaiptear iad thar na trí leibhéal geomoirfeolaíocha de léibhinn ísle, mheánacha agus arda an Tarn, cé is moite de mhachaire íseal an Tarn agus na hithreacha a d'fhorbair ar mholás Olagaicéineach i ndeisceart agus in iarthar an limistéir sin.

Is saintréith de na sil-leagain ghláracha, a thagann ón Massif Central, chomh lán agus atá siad le dúile siliciúla, gairbhéil agus gaineamh, an easpa aolchloiche atá iontu. Tá ithreacha an léibhinn ísil, suite ag meánairde 130 méadar, ilchineálach, tá meascán síolta, gaineamh de ghairbhe éagsúla agus créanna i ndáileadh míchothrom iontu. Athraíonn airde an léibhinn mheánaigh idir 130 agus 160 méadar. Tá rian an tsíonchaithimh ar na hithreacha agus is léir go dtarlaíonn níos mó láiste ann ná mar a tharlaíonn ar an léibheann íseal. Ar deireadh, sroicheann an léibheann ard, arb é an léibheann is sine agus is lú i dtaobh achar dromchla, airde uasta 200 méadar. Ós rud é go bhfuil na heilimintí is míne á gcreimeadh, tá na hithreacha sin an-ghairbhéalach agus an-phúrógach.

Tá an limistéar geografach scaipthe thar 20 bardas atá laistigh de ranna Haute-Garonne agus Tarn-et-Garonne.

Tá topagrafaíocht an tírdhreacha cothrom go bunúsach. Tá éagsúlachtaí sa tírdhreach mar gheall ar chnocáin bheaga, claífoirt idir na léibhinn agus fánaí réidhe arna gcruthú ag craobh-aibhneacha an Tarn.

Tá aeráid aigéanach a bhfuil tionchar ag an Meánmhuir uirthi i limistéar Fronton. Bíonn an geimhreadh measartha séimh. Tagann ardú suntasach ar theochtaí san earrach, agus is saintréith den samhradh neart gréine agus teochtaí arda. Titeann idir 650 mm agus 700 mm báisteach ar an meán in aghaidh na bliana. Dáiltear go cothrom í i rith na bliana, ach amháin san earrach, nuair a thagann méadú mór ar an líon báistí a thiteann. Séideann na gnáthghaotha ón iarthar. Tá siad aigéanach agus tugann siad néalchruthaíocht agus báisteach leo. Ní tharlaíonn sé chomh minic céanna, ach séideann an ghaoth the thirim 'Autan' ón oirdheisceart.

(b) *Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc*

Tá dlúthnasc idir stair na bhfíonghort agus stair bhaile Fronton, a bhí, ag tús an 12ú céad, á rialú ag Ord Ridirí Ospidéal Naomh Eoin Iarúsailéim (Ord Mhálta anois) mar thoradh ar thabhartais a rinne tiarnaí éagsúla. Tagraíonn Adrien Escudier (*Histoire de Fronton et du Frontonnais* [Stair Fronton agus limistéar Fronton], 1905) do thabhartas a rinne Pons Bernard de Benque, Alamande a bhean chéile agus Payen don Ord in 1122, arb é a bhí ann an eaglais agus gach ní faoina rialú, agus d'fhorchoimeád siad an ceart chun an seachtú cuid de bhuaint na bhfíonchaor a choimeád. Dá bhrí sin, bhí fíonghoirt 'Fronton' seanbhunaithe cheana féin ag tús an 12ú céad.

Ó bhí an tráth sin ann, tugadh aire an-mhaith do na fíonta agus féachadh ina ndiaidh go han-mhaith. Tagraíonn cartlann bhardasach Fronton do cheapachán bliantúil 'ocht saineolaí chun cuairt a thabhairt ar fhíonghoirt chonsalacht Fronton agus iad a sheiceáil'. Dá bhrí sin, thugtaí cuairt ar gach ceantar agus sheiceáladh na saineolaithe aibíocht na bhfíonchaor. Chuirtí tuarascáil ó bhéal ar fáil don tionól consalachta a shocraíodh an dáta a bhféadfaí tús a chur leis an mbuaint. D'fhógraíodh an bolscaire baile forógra na buainte do na háitritheoirí.

In 1470, dheonaigh Aymerie de Senergues, prióir Abbey de la Daurade in Toulouse, cairt dá ghéillsinigh lenar údaraíodh do na seirfigh uile a bhíodh ag plandáil fíniúnacha a saoirse agus a gceart úinéireachta a éileamh i leith thalamh glanta Villaudric. Sa 17ú céad, bhí an dá pharóiste Fronton agus Villaudric in iomaíocht le chéile chun bheith i gceannas na críche.

Shroich na fíonghoirt a mbuaicphointe san 18ú agus sa 19ú céad, nuair a seoladh na fíonta ar fud na hEorpa trí chalafort Bordeaux. Deir Pierre Galet (*Cépages et vignobles de France* [Cineálacha fíniúna agus fíonghoirt na Fraince], 1962) an méid seo a leanas: 'Tá fíonghoirt Fronton agus Villaudric ar na fíonghoirt is mó cáil in Haute-Garonne le fada, toisc go raibh na fíonghoirt sin gar do Villemur, an áit ar lódáladh fíonta agus as ar tugadh iad go Bordeaux ar an abhainn'.

Rinne fiollocsaeire difear do limistéar Fronton in 1878. Ba é an cineál fíniúna Négrette N, ar a dtugtaí 'Le Négret' go háitiúil roimhe seo, an príomhchineál sna fíonghoirt sula ndearna fiollocsaeire difear dóibh. Rinneadh é a athphlandú go forleathan tar éis na géarchéime fiollocsaeire, ach d'fhág an beangú gur theip ar an bplanda torthaí a fhorbairt agus d'fhág sé freisin gur chuir múscán liath isteach níos mó air. Mar gheall ar bhuanseasmhacht na bhfíonsaothraithe, a raibh dúil mhór acu sa chineál fíniúna stairiúil sin, bhí siad in ann an traidisiún a bhaineann leis an gcineál sin a fhás a oiriúnú agus leanúint ar aghaidh leis. Ós rud é nach mbíonn mórán aigéadachta ag fíon a tháirgtear ó Négrette N de ghnáth, déantar é a fhorlíonadh go minic le buaint cineálacha déanacha.

Aithníodh ainmniúchán tionscnaimh Vins Délimités de Qualité Supérieure [fíon sainithe ardcháilíochta] 'Villaudric' le breithiúnas ó chúirt shibhialta chéadchéime Toulouse an 28 Iúil 1944. Cumhdaíonn sé sé bhardas i roinn Haute-Garonne. Bliain ina dhiaidh sin, an 31 Iúil 1945, aithníodh ainmniúchán tionscnaimh Vins Délimités de Qualité Supérieure 'Fronton' nó 'Côtes de Fronton', le limistéar geografach ina bhfuil 15 bhardas i ranna Haute-Garonne agus Tarn-et-Garonne. In 1970, táirgeoirí an dá ainmniúchán tionscnamh chláraithe a bhí ar an eolas faoina stair choiteann agus faoina gcleachtais choiteanna, tháinig siad le chéile in aon chomhlachas amháin. Dá bhrí sin, aithníodh ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Côtes du Frontonnais' le foraithne an 7 Feabhra 1975, le dhá ainm gheografacha: 'Fronton' agus 'Villaudric'. 30 bliain ina dhiaidh sin, aithníodh ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Côtes du Frontonnais' laistigh den ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Fronton' le foraithne an 31 Lúnasa 2005.

Faoi 2008, bhí limistéar ina raibh níos mó ná 1 700 heicteár á shaothrú ag níos mó ná 110 táirgeoir, roinnte ina 40 siléar fíona neamhspleácha, ina chomharchumann fíonóireachta amháin agus ina 2 tháirgeoir/cheannaí fíona. Is é fíon *rosé* thart ar aon trian den táirgeadh agus is é fíon dearg dhá thrian de. Féadfar na fíonta a tháirgeadh as cineál Négrette N amháin nó as meascán cineálacha inarb é Négrette N an príomhchineál. Is iad na cineálacha fíniúna tánaisteacha is féidir a chur leis an gcumasc Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N, Cinsaut N, Cot N, Fer N, Gamay N, Mérille N, Syrah N, Négret Pounjut N agus Bouysselet B.

Is iondúil go mbíonn dea-bholaithe torthaí dearga agus dubha, bláthanna, spíosraí agus liocrais mar shaintréith de bhlas na bhfíonta dearga. Bíonn tainniní iontu a sholáthraíonn struchtúr agus maothlachas do na fíonta de réir mar a thagann siad chun cineáil. Bíonn siad taitneamhach le hól agus iad úr ach bíonn siad oiriúnach don aosú freisin. Chun eastóscadh iomarcach tainniní a sheachaint, tá toirmeasc ar fháisceáin leanúnacha. Aosaítear fíonta go dtí an 15 Eanáir ar a laghad den bhliain tar éis na buainte.

Saintréith de bhlas na bhfíonta *rosé* is ea dea-bholaithe torthaíocha agus aigéadacht íseal. Bíonn idir dath an lítsí agus dath sú craobh orthu (de réir na cairte datha Centre du Rosé) ag brath ar an teicníc a úsáidtear (brú díreach nó *saignée*) agus baintear taitneamh astu agus iad úr. Tá meas ar chineál fíniúna Négrette N mar gheall ar a cháilíochtaí aramatacha, agus fásadh é go forleathan tráth sa limistéar Grand Sud-Ouest. Is cineál fíniúna é atá bríomhar agus torthúil go nádúrtha; fágann craiceann tanaí na bhfíonchaor agus dlús na dtriopall go bhfuil sé an-soghabhálach i leith coincleach phúdrach, múscán liath agus fíneoga. Tréigeadh cineál Négrette N i bhformhór na réigiún mar gheall ar na deacrachtaí a bhain lena fhás ach tá nideog éiceolaíoch aimsithe aige i réigiún Fronton, áit a gciallaíonn na hithreacha bochta aigéadacha atá lán le hocsaídí miotail go bhfuil na fíniúnacha measartha láidir, lena rialaítear táirgeacht go nádúrtha agus lena n-áirithítear aibíocht optamach, dea-bholadh dian casta agus tainniní an-ghalánta.

D'éirigh le fíonsaothraithe limistéar Fronton an cineál fíniúna comharthach sin a rialú, agus a shaothrú a choinneáil ar bun dá réir sin, trína saineolas a oiriúnú, go háirithe trí mhodhanna prúnála lenar féidir dáileadh maith triopall agus roghnú clónach a bhaint amach.

Tá dálaí ithreach agus aeráide limistéar Fronton an-oiriúnach chun fíniúnacha a fhás, go háirithe an cineál fíniúna Négrette N. Fágtar leis an aeráid mhuirí go bhfuil an t-aer san earrach tais; áirithítear leis sin, mar aon le méadú mór ar theochtaí, fás maith na bhfíniúnacha. Laghdaíonn an geimhreadh séimh an riosca go mbeidh sioc géar ann. Bíonn teas tirim agus solas na gréine ann le linn an tsamhraidh mar gheall ar thionchar na Meánmhara, rud a spreagann aibiú rialta, optamach na bhfíonchaor, bíonn an strus maidir le huisce measartha sa samhradh lena n-áirithítear go n-aibíonn na fíonchaora go maith. Déanann gaoth 'Autan' difear d'iompar na bhfíniúnacha ar feadh a dtimthrialla fáis, mar shampla trí dlús a chur le bachlú, bláthú agus aibiú. Uaireanta séideann sí go crua ag deireadh an tsamhraidh, rud a chuireann aibiú na bhfíonchaor chun cinn agus a thriomaíonn na fíniúnacha tar éis stoirmeacha mhí Lúnasa. Cuireann sé sin teorainn le forbairt galar crioptagamach. Mar gheall nach dtagann an aimsir fhuar go dtí níos déanaí sa bhliain, bíonn deis mhaith mhaolaithe ag an adhmad.

Mar léiriú ar na húsáidí a bhaintear as an timpeallacht áitiúil agus ar an eolas faoin timpeallacht áitiúil, tá an limistéar dáileachta talún críochaithe fabhrach d'ithreacha a dhraenálann go maith agus a théann suas go héasca. Tá na hithreacha lán le gaineamh agus gairbhéal, ina bhfuil cion éagsúil síolta agus cré. Eisiatar limistéir fhuara, limistéir a bhíonn i mbaol seaca agus na hithreacha is torthúla.

Leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ó bhí 1975 ann, coinníonn an pobal daonna clú agus cáil fhíonta 'Fronton' ar bun trína dhinimiceas, a shaineolas agus a thiomantas don chineál fíniúna Négrette N.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is féidir an t-aonad geografach níos mó 'Sud-Ouest' a shonrú ar lipéid fíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe acu. Is féidir an t-aonad geografach níos mó sin a bheith ar aon litríocht agus ar aon choimeádán freisin. I dtaca leis an aonad geografach níos mó, ní mór gan na litreacha a úsáidtear a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná méid na litreacha a dhéanann amach ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-c6bb8395-ee7c-45c5-b59b-dee556bb82f6